Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13104/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0104(COD)**

**ENV 951**
**IND 381**
**AGRI 496**
**COMPET 756**
**COMER 113**
**SAN 544**
**MI 705**
**CONSOM 245**
**ENT 133**
**CODEC 1403**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8064/1/22 REV 1 - (COM 2022) 156 final/3 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl<br>- Díospóireacht bheartais |

1. An 5 Aibreán 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Mar phríomhuirlis an Aontais chun astaíochtaí ó shuiteálacha tionsclaíocha a rialú, is gné thábhachtach de thionscnamh an Chomhaontaithe Ghlais é IED. An lá céanna, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán maidir le tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear Tairseach Astaíochtaí Tionsclaíoch.

2. An 26 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún an dá thogra faoi bhráid na Comhairle Comhshaoil, príomhfhoirmíocht na Comhairle. An 26 Meán Fómhair, thíolaic an Coimisiún na tograí faoi 'Aon ghnó eile' sa Chomhairle Talmhaíochta, agus thug sé sin deis do na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir le gnéithe talmhaíochta na dtograí.

3. Ag tosú faoi Uachtaránacht na Fraince agus ag leanúint ar aghaidh faoi Uachtaránacht na Seicia, tháinig comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle le chéile chun na tograí a scrúdú a thuilleadh.

4. Chun an díospóireacht bheartais a threorú i ndáil le gnéithe den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a bhaineann le talmhaíocht agus pionóis ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) an 24 Deireadh Fómhair 2022, dhréachtaigh an Uachtaránacht nóta cúlra ina bhfuil dhá cheist mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Cruinniú Comhairle na nAirí Comhshaoil**
**an 24 Deireadh Fómhair2022**
**- Díospóireacht bheartais -**

**An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED)**

**Páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hairí**

Is í Treoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha an phríomhionstraim rialála Eorpach i réimse an truaillithe thionsclaíoch. Is é an bunphrionsabal cur chun feidhme na dteicnící is fearr atá ar fáil. Dá réir sin, tugtar aghaidh sa Treoir, ar thaobh amháin, ar cheadúnú oibríochtúil na ngníomhaíochtaí sainithe tionsclaíocha agus talmhaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus, ar an taobh eile, forbairt na bpríomh-bhunsraitheanna chun teorainneacha ceadúnúcháin agus astaíochtaí a shocrú – doiciméid tagartha agus conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil. Laistigh den Aontas Eorpach, rialaítear thart ar 52 000 suiteáil leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, ar feirmeacha tionsclaíocha thart ar 39 % iad. Leis an togra nua, modhnaítear na rialacha atá ann cheana maidir leis an gcóras ceadúnúcháin agus leathnaítear an raon feidhme chun gníomhaíochtaí nua a chur san áireamh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí i réimse na talmhaíochta.

Bhí sé ar intinn ag an Uachtaránacht, sa chéad chéim, tuiscint uasta a cheadú ar na hathruithe uile a moladh agus ar an tionchar a bheadh acu ar na hearnálacha lena mbaineann. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ar an leibhéal teicniúil, tá an Uachtaránacht den tuairim gur cheart don Chomhairle treoir pholaitiúil a chur ar fáil chun an obair ar dhá réimse ríthábhachtacha a threorú chun dul ar aghaidh leis an togra: athruithe ar rialáil suiteálacha in earnáil na talmhaíochta agus leagan amach na bpionós agus na gcúiteamh.

**Talmhaíocht**

Is iad gníomhaíochtaí feirmeoireachta muc agus éanlaithe clóis na hearnálacha is mó a chumhdaítear faoin Treoir faoi láthair. Mar sin féin, níl sna feirmeacha sin ach cuid bheag d'earnáil iomlán bheostoic an Aontais, rud a chuireann teorainn, dá réir sin, le cumas na Treorach an laghdú riachtanach ar astaíochtaí meatáin agus amóinia a eascraíonn, i measc nithe eile, ó fheirmeoireacht eallaigh a bhrú chun cinn. Ag an am céanna, tá feirmeoireacht beostoic ina cuid lárnach de shlándáil bia an Aontais agus tá a glasú ríthábhachtach chun a hathléimneacht a fheabhsú.

Tá tógáil beostoic ina príomhearnáil freisin i ndáil le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na straitéise meatáin, ós rud é gurb í is cúis le níos mó ná leath d'astaíochtaí foriomlána meatáin an Aontais agus le dhá thrian d'astaíochtaí amóinia.

Tar éis measúnú tionchair a dhéanamh, moladh Caibidil VIa nua a thabhairt isteach sa Treoir. Dá nglacfaí an Chaibidil seo, thiocfadh méadú suntasach ar líon na suiteálacha beostoic a thagann faoi raon feidhme na Treorach. Chúiteofaí an méid sin trí chóras simplithe ceadúnúcháin/clárúcháin a thabhairt isteach d'fheirmeacha den sórt sin lena n-áirítear oibleagáidí níos simplí maidir le tuairisciú, cigireacht agus eile d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla náisiúnta araon. Leis an bplé a rinneadh sa Chomhairle, léiríodh imní an bhfuil an chothromaíocht is fearr is féidir idir costais agus tairbhí sa togra mar atá sé faoi láthair.

**Pionóis agus Cúitimh**

Tugtar isteach leis an togra rialacha níos mionsonraithe maidir le pionóis. Rinneadh é sin chun leibhéal níos airde cosanta a bhaint amach do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine. Tá sé beartaithe, go háirithe, go mbeidh na pionóis nua comhréireach le tromchúis na sáruithe féideartha ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh faoin Treoir.

Ina theannta sin, tugtar isteach ceanglas maidir le cúiteamh i gcás damáiste don tsláinte a tharlaíonn toisc nár chomhlíon an t-oibreoir na rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm chun an Treoir a chur chun feidhme. Áirítear leis sin na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine agus cúiteamh i leith an damáiste a rinneadh.

**Achoimre agus ceisteanna**

Creideann an Uachtaránacht go gcuirfidh díospóireacht bheartais laistigh den Chomhairle ar chumas na mBallstát an plé sa Chomhairle a stiúradh maidir leis an dá ghné thábhachtacha sin den togra. Dá bhrí sin, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí a dtuairimí a thabhairt maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. *An aontaíonn tú le leibhéal uaillmhéine comhshaoil an togra i réimse na feirmeoireachta beostoic, áit a bhfuil córas simplithe ceadúnúcháin/clárúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí ábhartha ag gabháil le méadú an raoin feidhme?*

2. *Ar cheart don Treoir paraiméadair chomhréireachta chomhchoiteanna a thabhairt isteach chun pionóis a shocrú agus cúiteamh ar dhamáiste don tsláinte a éascú, nó an measann tú go bhfuil sé níos oiriúnaí an réimse sin a fhágáil faoi na Ballstáit?*

---